

## Aighneacht

## Scéim Teanga

## Comhairle Contae na Mí

## Meán Fómhair 2020

### INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Scéim Teanga Comhairle Contae na Mí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

De réir mar a d'fhorbair córas na scéimeanna, tá comhlachtaí éagsúla ag leagan síos spriocanna éagsúla ina scéimeanna féin agus tá difríochtaí anois ann maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge ó chomhlachtaí éagsúla. Is é an deacracht a bhaineann leis seo ná nach mbíonn an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla nó go dátheangach i gcónaí, agus cruthaítear fadhbanna agus daoine ag lorg seirbhísí dá réir. Tá moltaí san aighneacht seo, go háirithe 'An Tairiscint Ghníomhach' leis na fadhbanna seo a sháru.

Is í an aidhm chomh maith atá ag na moltaí san aighneacht seo ná samplaí den dea-chleachtas is fearr ó thaobh soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí a chur ar fáil in aon áit amháin, sa dóigh is go mbeidh comhlachtaí poiblí in ann na prionsabail seo a chur in oiriúint dá gcomhlachtaí féin. Tacóidh na moltaí seo le comhlachtaí poiblí a gcuid dualgais i leith na teanga a chomhlíonadh ar an bhealach is éifeachtaí agus is cuimsithí agus is féidir.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae na Mí i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, ach go háirithe le limistéir Ghaeltachta faoina chúram. Caithfidh ról cosanta, caomhnaithe agus fáis a bheith ag an gComhairle do phobal na Gaeilge na Gaeilge sa Ghaeltacht i Ráth Chairn agus Bale Ghib. Is tríd an Scéim Teanga seo gur féidir díriú ar sin.

## POBAL NA GAEILGE I GCONTAE NA MÍ

De réir an daonáirimh deireanach i 2016 tá 71,763 duine in ann Gaeilge a labhairt i gContae na Mí. Sin 38.56% den daonra, tá an céatadán sin níos ísle ná an meán náisiúnta de 39.8%. Tá gá mar sin dul i ngleic le sin agus iarraidh go mbeidh an céatadán níos airde ná an meán náisiúnta. Beadh an-tionchar ag an gcomhairle ar seo a athrú ina gníomhaíochtaí.

I dtaobh cainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais amháin, tá 1,514 cainteoirí ann. Sin 0.78% de dhaonra Contae na Mí, tá an céatadán sin níos ísle ná an meán náisiúnta de 1.55%. Is léir mar sin nach bhfuil a dhóthain de chainteoirí laethúla Gaeilge sa chontae seo. Tá gá le hiniúchadh a dhéanamh ar seo le feiceáil conas gur féidir an céatadán sin a ardú.

Is féidir comparáid a dhéanamh idir daonáireamh 2016 le daonáireamh 2011 le feiceáil an raibh fás nó titim ar líon na cainteoirí Gaeilge.

I 2011 bhí 68,259 daoine a raibh in ann Gaeilge a labhairt, 39.33%. Mar sin, tá fás de 3,504 duine ann, fás de 5.1%. Bhí fás de thart ar 5.9% den daonra san am céanna, mar sin tá an fás sin níos lú ná fás an daonra. Nuair nach bhfuil fás na cainteoirí Gaeilge ag teacht le fás an daonra laghdaíonn sé céatadán cainteoirí Gaeilge sa daonra (dá leanfadh claonadh fás na Gaeilge le claonadh fás an daonra beadh 523 daoine breise a bheadh in ann Gaeilge a labhairt). Bhí titim ann ar líon na cainteoirí Gaeilge go náisiúnta mar sin níl an fás seo ag leanúint an claonadh seo, rud atá go maith.

I 2011 bhí 1,628 cainteoirí Gaeilge laethúla taobh amuigh den chóras oideachais. I 2016 is 1,514 a bhí ann. Mar sin, is titim de 114 dhuine é sin, laghdú 7%. Níl sin ag teacht le fás daonra contae na Mí. Freisin ní raibh an 1,628 sin ach 0.88% den daonra, i gcomparáid le 2016 atá 1,514 mar 0.77%. Is léir mar sin go raibh athrú titim ar chéatadán na cainteoirí laethúla sa daonra. Ní mórán d'athrú é, 0.11% nuair a bhí titim go náisiúnta ann de 0.25%. Dar ndóigh bhí pobal na Gaeltachta i Ráth Chairn agus Baile Ghib i measc na cainteoirí laethúla sin, 321 (19.7%) i 2011 agus 283 (18.7%) i 2016.

Níl céatadán den daonra atá ina chainteoirí laethúla ag athrú agus caithfear breathnú dá bharr ar bhealaí le feiceáil conas cainteoirí laethúla nua a spreagadh.

Tá ceantair Gaeltachta sa chontae, Ráth Chairn agus Baile Ghib. Is é daonra na ceantair sin ná 1,776. I 2011 bhí 1,054 daoine in ann Gaeilge a labhairt sa Ghaeltacht, sin 59.5% den daonra. I 2016 is 1,062 a bhí ann, sin 59.8%, fás beag sa líon cainteoirí agus céatadán. Níl ach 283 cainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais (tá cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus cainteoirí laethúla a labhrann Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais san áireamh san fhigiúir seo). Sin 15.9% den daonra ansin. I 2011 bhí 321 cainteoirí Gaeilge laethúla taobh amuigh den chóras oideachais, 18.9% de dhaonra Ghaeltacht na Mí. Mar sin is léir go bhfuil na pobal na Gaeilge i nGaeltacht na Mí an sobhuailte. Is léir ó na figiúirí sin go bhfuil an Ghaeltacht ansin i gcatagóir C, an catagóir is ísle i dtaobh céatadán na cainteoirí laethúla, níos lú ná 39%. Bhí titim 9.9% de chainteoirí laethúla. Bhí titim de chainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais sa Ghaeltacht i gcoitinne de 11%, áit a ba chóir a bheith mar thearmann tíreolaíoch do chainteoirí laethúla. Níl an titim chomh dona leis an meán náisiúnta, ach fós tá sé go dona. Ní mhairfidh an Ghaeltacht má leantar leis an claonadh sin.


Faoi láthair tá 8 naíonra, 9 mbunscoil agus iar-bhunscoil amháin (scoil Ghaeltachta atá lonnaithe i Ráth Chairn) ag feidhmiú trí Ghaeilge sa chontae. Tá cúrsaí Gaeilge á reáchtáil i Ráth Chairn. Tá Ionad Chúram Leanaí i Ráth Chairn. Tá ceanncheathrú Cumann na bhFiann lonnaithe i nDroim Rí ina bhfuil Ionad Óige na hÉireann acu ansin. Tá 7 gClub Óige Cumann na bhFiann sa chontae chomh maith. Tá Club Ógras ann – Ógras Chill Dhéagláin. Tá Cumann Drámaíochta, Coiste na mBailte Slachtmhara, Coiste Oidhreacht agus Craobh de Chomhaltas Cheoltóirí Éireann i Ráth Chairn. Tá sainchomhairleacháin digiteach agus físghráfadóir tráchtála

agus píolóta dordáin agus tá Áisiúnacht Díolacháin Leabhar sa chontae mar ghnóthaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge.

## DEARCTHAÍ AN PHOBAIL

Ní amháin go bhfuil dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ach léiríonn taighde gur mhaith le daoine é seo a fheiceáil agus go gcreideann siad gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Léiríonn na staitisticí thíos<sup>1</sup> gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.



KANTAR MILLWARD BROWN



<sup>1</sup> Foinse: Céard é an Scéal? Tuairimí an Phobail i leith na Gaeilge 2018 agus 2019, Conradh na Gaeilge

Creideann **seachtar i ngach deichniúr** gur cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Bunús: Daoine Fásta. Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

*"Ba cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid."*




Níos Airde I Measc	%
15-64	17
Baile Átha Cliath	13

Easaontú iomlán	%
Easaontú go láidir	3
Easaontú go pointe	6

Níos Airde I Measc	%
Tuaisceart	45
65+	42
AB	39
55-64	31

Easaontú iomlán	%
Easaontú go láidir	14
Easaontú go pointe	14


### Ó Dheas



Níos Airde I Measc	%
Cúige Mumhan	80
Connacht / Uladh	78
DÉa	75
35-44	73

Aontú iomlán	%
Aontú go láidir	29
Aontú go pointe	41

### Ó Thuaidh



Níos Airde I Measc	%
Cathair Bheáil Feirste	66
16-24	65
25-34	64
DE	59

Aontú iomlán	%
Aontú go láidir	21
Aontú go pointe	35

Léiríonn ( ) sonraí 2015

KANTAR MILWARDBROWN



## Seirbhísí as Gaeilge

D'iarr duine as seisear seirbhísí as Gaeilge, le duine as fiche ó thuaidh



KANTAR MILWARDBROWN

C 2 Cé chomh láidir is a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis na ráitis a leanas ... Táim tar eis seirbhísí trí Ghaeilge a iarraidh ón Stát nó ó chomhlacht seirbhísí phoiblí. Bonn: Gach duine fásta thar 18 bliana d'aois (Ó Dheas=1,011, Ó Thuaidh=1,022)

## MOLTAÍ DON SCÉIM TEANGA

### TAIRISCINT GHNÍOMHACH

**Comhthéacs:** Mura bhfuil an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil ó Chomhairle Contae na Mí trí mheán na Gaeilge ní féidir leo nó beidh drogall orthu éileamh a dhéanamh ar na seirbhísí seo. Cruthaíonn tairiscint ghníomhach cultúr maith don phobal ó thaobh na Gaeilge de mar gheall go bhfuil sé soiléir do dhaoine go bhfuil fáilte roimh labhairt na Gaeilge sa chomhairle agus go mbeidh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge más sin an rogha a dhéanfar. Ní leor go mbeadh seirbhísí bunúsacha amháin ar fáil trí mheán na Gaeilge mura bhfuil sé ar chomhchaidheán leis an tseirbhís atá ar fáil trí mheán an Bhéarla ón fhoinse chéanna. Caithfear fáil ar na seirbhísí seo bheith ag pobal na Gaeilge gan aon choinníollacha, ama nó iarrachtaí breise óna

dtaobhsa. Mar chuid den tairiscint ghníomhach, is gá cinntiú go bhfuil an Ghaeilge le feiceáil i gcomhlachtaí poiblí inti féin nó ar chomhchéim leis an Béarla. Cruthaíonn feiceálacht na Gaeilge atmaisféar compordach do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid agus fios acu go bpléifear lena gcuid gnó mar is cuí.

- Ba chóir an chéad bheannacht agus an chéad chomhrá a dhéanamh le duine in oifig phoiblí de chuid na Comhairle a bheith déanta trí Ghaeilge, leis an gcustaiméir a spreagadh le Gaeilge a úsáid agus le cur in iúl gur féidir gnó a dhéanamh leis an oifig chuí trí Ghaeilge.
- Ba chóir go mbeadh comharthaíocht i nGaeilge amháin nó go dátheangach curtha in airde laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh de chuid na Comhairle.
- Ba chóir go mbeadh comhartha nó suaitheantas ag fostaí ar a ndeasc nó ar a n-éide atá in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir go mbeadh foirmeacha nó foilseacháin eile ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge amháin go huathoibríoch, le cinntiú nach gcaithfear leagan Gaeilge a lorg.
- Ba chóir go mbeadh aon seastán, bileog eolais, póstaer, srl. de chuid comhlacht poiblí dátheangach.
- I gcáipéisí dátheangacha, moltar leagan Gaeilge agus leagan Béarla den téacs a chur taobh le taobh le chéile, le cló den mhéid agus stíl chéanna in úsáid.
- Ag ócáidí poiblí, ba chóir go n-úsáidfear an Ghaeilge mar chuid den ócáid sin le linn fáiltiú, óráidí, nó cainteanna eile le freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ba chóir go mbeadh na cainteanna as Gaeilge.
- Ba chóir urlabhraí a chur ar fáil gur féidir leis/léi agallamh a dhéanamh leis na meáin trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir go mbeadh aon fhógraíocht atá le déanamh ar son na comhairle go dátheangach, bíodh sin ar líne, sna meáin traidisiúnta, ar theilifis nó raidió srl.

---

## LÁITHREACTH AR LÍNE

**Comhthéacs:** Ar nós 'An Tairiscint Ghníomhach' a dhéanamh in áiteanna poiblí, is féidir léiriú trí láithreacht ar líne go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus gur féidir seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fháil ón chomhlacht poiblí. Mar gheall ar an ról suntasach atá ag seirbhísí ar líne agus ag suímh ghréasáin, is mór an difear agus an tábhacht a bhaineann leis an chuid seo den tairiscint ghníomhach.

- **Rogha Teanga:** Ba chóir go mbeadh rogha teanga ar fáil ar an chéad leathanach den suíomh gréasáin leis an rogha Gaeilge ar bharr nó roimh rogha Béarla leis seo an rogha Gaeilge a chur chun tosaigh. Ba chóir fosta go mbeidh an rogha seo ar fáil ar gach leathanach ar an suíomh le cuidiú le daoine malartú idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla más maith leo é sin a dhéanamh.
- **Ábhar:** Ba chóir go mbeadh gach ábhar ar líne ar fáil as Gaeilge. Níor leor go mbeadh aon leathanach amháin i rannóg Ghaeilge ar an suíomh leis na cáipéisí atá aistriithe go Gaeilge ag an chomhairle air. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge in úsáid fud fad an tsuímh agus gur féidir le daoine eispéireas iomlán a bheith acu ar an suíomh trí mheán na Gaeilge.
- **Foirmeacha ar líne:** Ba chóir go mbeadh fáil ar líne ar fhoirmeacha aistriithe trí mheán na Gaeilge san áit chéanna agus atá leagan Béarla ar fáil. Fosta, ba chóir cinntiú gur féidir le haon chóras ar líne glacadh le sintí fada le cinntiú gur féidir le daoine na foirmeacha seo a líonadh isteach mar is cuí.
- **Aistriúchán:** Ba chóir aistriitheoir gairmiúil a fhostú a dhéanfaidh an obair seo mar is ceart ón tús. Níor chóir brath ar seirbhís aistriúcháin uathoibríoch ar nós Google Translate. Níl siad cruinn agus níl seo fóirsteanach do dhaoine atá ar lorg eolais ó chomhlacht poiblí ar líne. Agus príomhábhar an tsuímh aistriithe, ní bhíonn cuid mhór aistriúchán eile le déanamh.
- **Ath-threorú:** Má athraíonn úsáideoir a rogha teanga, agus iad ar shuíomh chomhlachta, níor chóir go ndéanfar ath-threorú chuig leathanach baile an tsuímh nó chuig leathanach a phléann leis an Ghaeilge amháin. Ba chóir go mbeadh malartú teanga ceart ann ó theanga amháin go teanga eile.
- **Stíleanna agus Méideanna:** Ba chóir go mbeadh na stíleanna agus na méideanna céanna in úsáid don dá theanga a oiread agus is féidir. In amanna, is gá leasuithe a dhéanamh mar gheall ar mhéid focal nó fad frása i gcodanna áirithe den suíomh ach ba chóir go mbeadh feiceálacht an dá theanga chomh maith céanna maidir le leagan amach, inrochtaineacht srl.
- **Seoladh Fearainn:** Ba chóir go mbeadh leagan Gaeilge den ainm fearainn ar fáil. Is féidir le dhá ainm fearainn bheith cláraithe leis an suíomh céanna, ceann as Gaeilge as ceann as Béarla. Mar shampla is féidir [www.anmhi.ie](http://www.anmhi.ie) agus [www.meath.ie](http://www.meath.ie) bheith in úsáid don suíomh céanna. Is féidir sintí fada a úsáid d'ainm fearainn anois.

- **Na meáin sóisialta:** Tá ardú suntasach tagtha ar mhinicíocht teagmhála trína meáin sóisialta le ranna agus comhlachtaí stáit le blianta beaga anuas agus ní mór freastal ar an éileamh seo agus cumarsáid a dhéanamh leis an phobal ar na hardáin seo. Ar nós suímh idirlín, ba chóir go mbeadh gach eolas atá le foilsíú ar na meáin sóisialta go dátheangach ar a laghad. Is féidir é seo a dhéanamh trí dhá theanga a chur isteach in aon phostáil amháin, nó trí dhá phostáil éagsúla a dhéanamh le ceann as Gaeilge agus an ceann eile as Béarla más gá. Tá rogha ann chomh maith le leathanach Facebook nó cuntas Twitter, Instagram, Snapchat, LinkedIn, nó eile breise a chruthú as Gaeilge. Fosta, ba chóir go mbeadh an pobal in ann cumarsáid a dhéanamh leis an chomhlacht phoiblí trí mheán na Gaeilge agus a bheith ag dúil le freagra as Gaeilge ón fhoinsé chéanna.
- **Aipeanna:** Ba chóir go mbeadh gach aip a fhorbraíonn an comhairle dátheangach ar a laghad nó as Gaeilge amháin.

---

## FOILSEACHÁIN AGUS FOIRMEACHA

- Is gá go mbeadh eolas faoi sheirbhísí reatha, faoi phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach.
- Ba chóir gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge amháin, ina n-áirítear: bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comharthaí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil. Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.
- Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo).

---

## ACMHAINNÍ DAONNA

**Comhthéacs:** Le seirbhísí teanga a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ar bhealach éifeachtach agus fóirsteanach d’obair na heagraíochta, is gá cúrsaí acmhainní daonna a chur san áireamh mar chuid de phleanáil teanga na heagraíochta.

- Ba chóir feachtais fheasachta agus seimineár eolais a chur ar fáil d’fhostaí maidir leis na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an Ghaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Bunreacht na hÉireann agus cén fáth go bhfuil sé tábhachtach na dualgais seo a chomhlíonadh mar is cuí.
- Ba chóir eolas a chur ar fáil don phobal faoin fhoireann atá in ann seirbhís(i) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baili fhoirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.
- Ba chóir go gcuirfeadh inniúlacht sa Ghaeilge san áireamh le linn próisis earcaíochta agus aithint go mbeidh luach breise ann don chomhairle, i.e. beidh an duine le Gaeilge in ann an tseirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla
- Ba chóir go mbeadh deiseanna oiliúna ar fáil do bhaili fhoirne nach bhfuil in ann seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge le tacú leo é seo a dhéanamh sa toadhcháil.
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge feiceálach san áit oibre sa chomhairle, le háiteanna atá príobháideach d’fhostaithe amháin san áireamh. Chuirfeadh seo le cultúr ina bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge dá mba rud é go bhfuil sí le feiceáil agus go spreagfar í a úsáid mar gheall air seo.
- Ba chóir go mbeadh an ceart céanna ag aon duine atá ag obair sa Státseirbhís lena gcuid oibre a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge, i. ardú céime, measúnú foirne, comhfhreagras inmheánach don fhoireann, srl.
- Ba chóir go mbeadh rogha Gaeilge ar fáil gan cheist ag gach leibhéal agus aonad / rannóg den chomhairle le cinntiú nach mbrisfeadh an ‘slabhra cumarsáide’ trí Ghaeilge leis an saoránach a lorgaíonn seirbhís as Gaeilge.
- Tá gá na poist a aithint atá gá le daoine le cumas líofa Gaeilge acu i labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh na Gaeilge, m.sh. fáilteoir (príomhtheagmhálaí leis an bpobal), oifigeach Gaeilge, oifigeach preas, ateangairí, aistritheoirí, srl..

- Ba chóir caighdeán na Gaeilge ag na fostaithe sa chomhairle a bheith aitheanta tríd an bhfráma coiteann Eorpach, agus bheadh an Conradh ag moladh leibhéal B2 ar a laghad do na poist le Gaeilge.
- Tá Oifigeach Gaeilge ag an gcomhairle cheana féin, tá gá a chinntiú gur post lánaimseartha atá an l gcónaí. Ní amháin sin ach tá dualgais reachtúil ag an gcomhairle i dtaobh na Gaeltachta de agus i dtaobh na Bailte Seirbhíse Gaeltachta a bhfuil Baile Átha Buí agus an Uaimh roghnaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá Conradh na Gaeilge ag moladh mar sin go mbeidh triúir ar a laghad fostaithe in Oifig na Gaeilge, duine amháin mar Oifigeach Gaeilge, atá freagrach as a chinntiú go bhfuil an chomhairle ag comhlíonadh a dualgais i dtaobh Acht na dTeangacha Oifigiúla de, duine eile ag plé le Gaeltacht na Mí agus an tríú duine ag plé leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta. Tá ar an Oifigeach an Ghaeilge a chur chun cinn sa chontae thar ceann an chomhairle chomh maith. Má dhéantar post páirtaimseartha den phost sin, bíonn an dá phost i gcomórtas le chéile agus ní féidir an dá thrá a fhreastal.
- Beidh Reachtaíocht Gaeilge nua ag teacht isteach sár i bhfad agus mar chuid de sin beidh ar 20% d'earcaithe nua a bheith inniúil sa Ghaeilge. Tá gá mar sin polasaí earcaíochta a chruthú chun cinntiú go bhfuil líon den fhoireann le Gaeilge ag fás go tapa. Caithfidh an 20% sin a bheith dírithe ar sheirbhísí a chur ar fáil don Ghaeltacht agus do na Bailte Seirbhíse Gaeltachta. Mar sin ba chóir go mbeidh an fhoireann uile sna hoifigí san Uaimh dátheangach chun freastal ar phobal na Gaeltachta. Chun é sin a bhaint amach caithfidh Gaeilge a bheith mar scil riachtanach do gach post nua a fhógrófar ó seo amach.

---

## COMHFHREAGRAS AGUS TEAGMHÁIL LEIS AN PHOBAL

**Comhthéacs:** Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus an comhairle, litreacha, ríomhphoist, scairteanna gutháin, teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta srl. Déanfar tuilleadh plé ar chodanna áirithe den chomhfhreagras thíos ach is iad seo a leanas na bunphrionsabail atá le cur i bhfeidhm maidir le gach cineál comhfhreagrais:

- Is gá a chinntiú má roghnaíonn saoránach an Ghaeilge a úsáid i gcomhfhreagras leis an gcomhairle go n-úsáidfear Gaeilge leis/léi ón tús go dtí deireadh an chomhfhreagrais sin
- Ba chóir nach mbeadh aon mhoil nó deacrachtaí acu siúd a dhéanann teagmháil leis an gcomhairle trí mheán na Gaeilge mar gheall ar an rogha teanga. Ciallaíonn é seo nach mbeadh orthu fanacht tuilleadh ama le haghaidh freagra ar chomhfhreagras, nó go mbeadh moill ar a gcuid gnó mar gheall ar an rogha teanga a rinne siad. Dá mbeadh tuilleadh ama nó oibre de dhíth le gnó a dhéanamh le comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge, bainfear an rogha ó dhaoine i dtéarmaí praiticiúla mar gheall ar bhrú ama nó mar gheall nár mhaith le daoine deacrachtaí a chruthú.

---

## RÍOMHPHOST

- Ba chóir go mbeadh síntí ríomhphoist corparáideach socruithe go dátheangach i gcónaí.
- Ba chóir go mbeadh aon teachtaireacht as-oifig nó freagra uathoibríoch eile scríofa go dátheangach.
- Ba chóir go mbeadh líne i síntí ríomhphoist ag daoine a bhfuil Gaeilge acu ag rá go bhfuil Gaeilge acu agus go gcuirtear fáilte roimh úsáid na Gaeilge leis an duine sin. Cé go bhfuil an ceart i gcónaí ag daoine comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, cuireann sé seo daoine ar an eolas gur féidir leo bheith ag plé le duine faoi leith san eagraíocht trí mheán na Gaeilge agus spreagfar úsáid na Gaeilge mar gheall air.
- Ba chóir go mbeadh dhá ainm fearainn in úsáid as Gaeilge agus as Béarla. Is féidir na seoltaí a cheangal agus bheadh an sprioc chéanna ag an dá ríomhphost. Mar shampla, d'fhéadfaí eolas@anmhí.ie agus info@meath.ie a úsáid.

---

## SCAIRTEANNA GUTHÁIN

- Nuair a thagann scairteanna gutháin isteach chuig an chomhairle chuig lasc-chlár go huathoibríoch, ba chóir go mbeadh roghanna as Gaeilge ar fáil mar an chéad rogha.
- Ba chóir go dtabharfar leagan Gaeilge d'ainm na heagraíochtaí nuair a fhreagraítear scairt guthán.



- Ba chóir go mbeidh an fáilteoir i ngach oifig aitheanta mar phost a bhfuil Gaeilge mar riachtanas. Tá an fáilteoir mar chéad phríomhtheagmhála leis an bpobal agus mar sin caithfidh Gaeilge a bheith acu chun déileáil leis an bpobal i gceart. Mura bhfuil Gaeilge ag an bhfáilteoir beidh drogall ag an gcainteoir Gaeilge seirbhísí trí Ghaeilge a iarraidh amach anseo, mar go mbeidh sé inghlactha dóibh nach bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil.

---

## INIÚCHADH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA

- Ba chóir don chomhairle iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh roimh aon ghníomh a d'fheadfadh droch-tionchar a imirt ar phobal na Gaeilge (ar nós reachtaíocht nua, nó eile)
- Caithfear na rudaí seo a leanas agus eile a thógáil san áireamh in aon iniúchadh sochtheangeolaíochta: Airteagail 8 i mBunreacht na hÉireann; An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000; Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003; an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge; Acht na Gaeltachta 2012; Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022 an Rialtais don Ghaeilge.

---

## MONATÓIREACT AGUS ATHBHREITHNIÚ

- Ba chóir go mbeadh Bainisteoir Sinsearach ag déanamh monatóireachta rialta (ar bhonn míosúil ar a laghad) ar chur i bhfeidhm na scéime. Ba chóir taifead a choinneáil ar gach uair a iarrtar seirbhís as Gaeilge agus cén saghas seirbhís atá lorgaítear. Ba chóir taifid a dhéanamh ar cé mhéad uair a dhéantar tairiscint ghníomhach ar sheirbhísí ar fáil as Gaeilge chomh maith. Tá gá go mbeidh tuairisc mhonatóireachta ann i ngach Tuairisc Bhliantúil agus go bhfuil sé sonraithe chun an dul chun cinn a léiriú. Níl aon mhaitheas le líne ar nós 'Riaradh na forálacha reachtúla den tSaoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Ombudsman & Acht na dTeangacha Oifigiúla de réir mar a fheidhmíonn siad don Údarás Áitiúil'. Tá gá tuairisc a dhéanamh leagtha de réir na ceannteidil atá sa Scéim Teanga.
- Ba chóir don chomhairle leithscéal scríofa a ghabháil le haon chustaiméir nach bhfaigheann seirbhís trí Ghaeilge nuair a lorgaíonn siad í.

---

## CUSTAIMÉIRÍ

- I measc na gcustaiméirí/úsáideoirí seirbhísí Comhairle Contae na Mí tá an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an tAire Stáit le freagracht do Rialtas Áitiúil agus Pleanáil, comhaltaí eile den Oireachtas, ionadaithe poiblí áitiúla, an pobal, fostaithe sa chomhairle, comhlachtaí poiblí eile, daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil caidreamh díreach gnó ag an comhairle leo, ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, comhlachtaí trasteorainn, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil leis an gcomhairle mar gheall ar a shainleasanna agus a n-ábhar imní. Tá cuid de na custaiméirí sin ina chainteoirí Gaeilge agus caithfear aitheantas a thabhairt dá gcearta daonna trí sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge dóibh nuair a iarrann siad sin.

---

## COMHARTHAÍOCHT

- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar chomharthaíocht sa chomhairle agus cinntiú go bhfuil an comharthaíocht ag cloí le hIonstraim Reachtúil Uimh. 391 de 2008.
- D'aon eastáit tithíochta nua atá á thógáil ba chóir go mbeidh ainm an eastáit i nGaeilge ag tógáil oidhreachta na háite san áireamh. Tá ag éirí go maith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe an polasáí seo a chur i bhfeidhm le blianta. Seo sampla de choiste logainmneacha sa chomhairle chun plé le hainm na heastáit nua. <https://www.gleg.ie/an-coiste-logainmneacha/>



---

## FÓGRAÍOCHT

Ba chóir go mbeidh aon fhógra a chuirfidh an comhairle chun cinn sna meáin chumarsáide nó in áit phoiblí dátheangach ar a laghad nó i nGaeilge amháin.

---

## ATEANGAIREACHT

Caithfear a chinntiú go bhfuil córas ateangaireacht ar fáil gan ceist do na comhairleoirí don seomra agus do gach coiste a bhaineann siad leo. Ní cóir go mbeidh costas mar bhac ar seo, is ceart bunúsach ag gach saoránach an chéad teanga oifigiúil a úsáid in institiúidí an stáit agus tá ceart ann go dtuigeann daoine nach bhfuil Gaeilge acu é a thuiscint, mar sin tá gá córas ateangaireacht a chur ar fáil gan ceist agus é a ghlacadh mar chostas riaracháin cosúil le aon chostas eile.

---

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

Deireann an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 ‘I bpobail uirbeacha, a bhfuil mais chriticiúil bhunúsach tacaíochta pobail agus Stáit iontu don Ghaeilge, nithe mar shaoráidí cúram leanaí trí Ghaeilge, gaelscoileanna, oideachas dara leibhéal trí Ghaeilge, clubanna óige Gaeilge agus seirbhísí eile lena n-áirítear grúpaí máithreacha agus mamailíneach, seirbhísí creidimh i nGaeilge, a bheidh siad sin.’

Tá sé luaite sa Straitéis 20 Bliana go mbeidh Plean Teanga Contae forbartha. Dar ndóigh beadh ról lárnach ag an gComhairle Contae sa phróiséas sin.

Is fiú ciste a chruthú chun tacaíocht a thabhairt do na grúpaí Gaeilge atá ag feidhmiú sa chontae. Mar atá luaite thuas tá pobal láidir Gaeilge sa chontae. Caithfear an ghréasán Gaeilge seo a chothú agus a fhorbairt.

Tá gá le hiniúchadh a dhéanamh ar na comharthaí bóithre, nach bhfuil siad i mBéarla amháin agus nach bhfuil drochlitriú orthu.

Tá an liosta maith gníomhaíochtaí ann ón scéim deireanach, is gá na gníomhaíochtaí sin a threisiú sa chéad scéim eile.

Coiste Logainmneacha- Ní amháin do eastáit tithíochta na Comhairle ach do eastáit phríobháideach agus go mbeidh dualgas ag na forbóirí príobháideacha ainm i nGaeilge a phiocadh do fhorbairt ar bith.

Is fiú lárionad cultúrtha a bhunú roimh dheireadh na scéime teanga, ionas go mbeidh tearmann teanga ann do chainteoirí Gaeilge na Mí.

---

## GAELTACHT NA MÍ

Mar atá luaite thuas tá an suíomh theangeolaíochta Gaeilge an sobhuailte i nGaeltacht na Mí. Gach cinneadh a dhéanann an chomhairle a mbíonn tionchar ar Ghaeltacht na Mí bíonn tionchar ar úsáid na Gaeilge sa cheantar. Is féidir an cinneadh seo dochar nó maitheas a dhéanamh don teanga sa Ghaeltacht ansin. Níl an chomhairle an t-aon eagraíocht a bhfuil tionchar acu ar an nGaeltacht. Níl an chomhairle ina n-aonar le seo, tá tionchar ag an stát ar fad ar an nGaeltacht. Mura bhfuil ach 15.9% de dhaonra Gaeltacht na Mí ina chainteoirí Gaeilge laethúla taobh amuigh den chóras oideachais inniu agus ag glacadh go raibh 100% den daonra ina chainteoirí laethúla Gaeilge i 1935 nuair a tháinig na lonnaitheoirí ó na Gaeltachtaí eile go Ráth Chairn agus Baile Ghib, tá titim de níos mó ná 84% de chainteoirí Gaeilge laethúla tar éis tarlú le hochtó bliain. Ní féidir leanúint ar aghaidh mar seo, caithfear athrú. An tslí is éifeachtaí gur féidir leis an chomhairle seo a dhéanamh

ná anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar gach cinneadh a dhéantar sa chomhairle. Ní cinní amháin a bhaineann leis an nGaeltacht ach le gach cinneadh mar go mbíonn tionchar sochtheangeolaíochta ar chinntí a dhéantar don chontae i gcoitinne go díreach agus go hindíreach ar an nGaeltacht. Tríd an ghníomh seo a dhéanamh beidh an chomhairle ag comhlíonadh a fheidhm faoi ailt 64 (2) (e) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 ‘úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do phobail Ghaeltachta.’ Is gá mar sin sochtheangeolaí cáilithe a bheith fostaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chinntí an chomhairle agus leasuithe a mholadh do na cinní sin. De bharr go mbeidh an sochtheangeolaí ag plé le gach cinneadh a dhéanann an chomhairle, tá gá go mbeidh an post sinsearach sa chomhairle ar leibhéal bainistíochta.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012 beidh Bailte Seirbhíse Gaeltachta aitheanta ag an Stát le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil do mhuintir na Gaeltachta. Roghnaigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Baile Átha Búí agus an Uaimh mar na bailte sin chun freastal ar mhuintir Ghaeltachta na Mí. Tá an reachtaíocht ann ó 2012 agus níl tús curtha leis an bpróiseas plean teanga do na bailte sin. Caithfidh an chomhairle dul i dteagmháil le Foras na Gaeilge láithreach agus tús a chur leis an bpróiseas pleanála teanga seo.

Tá cinneadh tugtha ag an mBord Pleanála cead a thabhairt d’fhorbairt eastáit tithíochta agus óstán a thógáil i Ráth Chairn. Tógfaidh sé seo go leor daoine gan Gaeilge chun lonnú sa cheantar. Tá sé seo ag dul ina aghaidh Phlean Forbartha Comhairle Contae na Mí 2013 – 2019 mar go mbeidh sé seo ag déanamh dochar ar an suíomh theangeolaíochta sa phobal. Deir sé ‘Attend the needs of the Gaeltacht completely in Irish’ agus ‘To ensure the continued survival and development of the Gaeltachts as an area distinct in the linguistic and cultural life of the county, whilst seeking to realise their economic and development potential in a balanced and sustainable manner over the lifetime of the Plan.’ Tá sé ag dul go hiomlán ina aghaidh RD POL 28 ‘To ensure that all new development in the Gaeltachts have a positive impact upon the use of Irish in the area and the cultural heritage of the area, whilst seeking to realise their economic and development potential in a balanced and sustainable manner over the lifetime of the Plan.’ Mar sin tá gá leis an chomhairle plé leis an mBord Pleanála chun stop a chur leis an bhforbairt seo. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí teanga agus an Ghaeltacht sa chéad phlean forbartha eile chun cinntiú go mbeidh Gaeilgeoirí ag lonnú sa Ghaeltacht.

---

## CONCLÚID

Ba chóir go mbeidh Comhairle Contae na Mí in ann seirbhís shásúil a chur ar fáil do phobal na Gaeilge má cuirtear na moltaí thuas san áireamh sa scéim teanga á chur le chéile.

Is gá a chuimhneamh agus an Scéim Teanga á dréachtú go mbeidh Acht Teanga nua ag teacht isteach a bheidh bunaithe ar chaighdeán seachas scéimeanna. Tá gá don chomhairle ullmhú i dtreo na caighdeán agus an Scéim Teanga nua seo á dhréachtú. Mar a dúirt an Coimisinéir Teanga os comhair an Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán ar an 21 Bealtaine, 2019 ‘Ó thaobh scéimeanna teanga, an rud atá ráite agam ná gur cheart go mbeadh aon scéim teanga nua atá á dhaingniú ag an Aire eolach go bhfuil an caighdeán ag teacht, chomh fada is atá muid ag fanacht air. Má tá scéim teanga nua á aontú, ba chóir go dtuigtear agus go nglacfar leis go gcaithfidh sé a bheith ag dul i dtreo na gcaighdeán... De bharr sin, nuair atá scéim teanga á dhaingniú le comhlachtaí, ba chóir go mbeadh an Roinn ag rá leo go bhfuil caighdeán ar an mbealach, go mbeidh nithe sa gcaighdeán i gcomhair seirbhísí idirghníomhacha, mar sin, chomh fada is atá muid ag fanacht air sin, bíodh sé sa scéim teanga.’

Ní amháin go bhfuil dualgas ag Comhairle Contae na Mí trí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 freastal ar phobal na Gaeilge, tá dualgas faoi leith trí achtanna éagsúla ag an gcomhairle caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Má chuirtear na moltaí san aighneacht seo i bhfeidhm beidh an chomhairle in ann na dualgais reachtúla sin a chomhlíonadh.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil am ar bith le plé a dhéanamh de aon ghné den aighneacht seo.